

# NATIONAL MUSEUM OF IRELAND

---

## REPORT 2006



museum  
National Museum of Ireland  
Ard-Mhúsaem na hÉireann

# NATIONAL MUSEUM OF IRELAND

---

REPORT 2006

**museum**  
National Museum of Ireland  
Ard-Mhúsaem na hÉireann



# CONTENTS

---

## INTRODUCTION

MESSAGE FROM THE CHAIRMAN OF THE BOARD OF THE NATIONAL MUSEUM OF IRELAND .....	4
---	---

INTRODUCTION BY THE DIRECTOR OF THE NATIONAL MUSEUM OF IRELAND .....	6
---	---

## COLLECTIONS

ART AND INDUSTRY .....	9
IRISH ANTIQUITIES .....	12
IRISH FOLKLINE .....	17
NATURAL HISTORY .....	21
CONSERVATION .....	25
REGISTRATION .....	28
EXHIBITIONS .....	31

## SERVICES

EDUCATION AND OUTREACH .....	38
MARKETING .....	43
PHOTOGRAPHIC DEPARTMENT .....	47
DESIGN .....	51
ACCOMMODATION AND SECURITY .....	55

## ADMINISTRATION

GENERAL .....	59
FINANCIAL MANAGEMENT .....	59
HUMAN RESOURCE MANAGEMENT .....	60
ICT .....	61
FINANCIAL STATEMENTS FOR THE PERIOD	
1ST JANUARY 2006- 31ST DECEMBER 2006 .....	66
PUBLICATIONS BY MUSEUM STAFF .....	96
BOARD OF THE NATIONAL MUSEUM OF IRELAND .....	99
STAFF DIRECTORY .....	100



# CLÁR

---

<b>RÉAMHRÁ</b>	
TEACHTAIREACHT Ó CHATHAOIRLEACH BHORD	
ARD-MHÚSAEM NA HÉIREANN .....	5
<b>RÉAMHRÁ Ó STIÚRTHÓIR ARD-MHÚSAEM</b>	
NA HÉIREANN .....	7
<b>BAILIÚCHÁIN</b>	
EALAÍON AGUS TIONSCAL .....	10
SEANIARSMAÍ ÉIREANN .....	14
SAOL TÍRE ÉIREANN .....	18
STAIR AN DÚLRA .....	22
CAOMHANTAS .....	26
CLÁRÚCHÁN .....	29
TAISPEÁNTAIS .....	35
<b>SEIRBHÍSÍ</b>	
OÍDEACHAS AGUS FOR-ROCHTAIN .....	40
MARGAÍOCHT .....	45
GRIANGHRAFACHT .....	48
DEARADH .....	52
FOIRGINTÍ AGUS SLÁNDÁIL .....	56
<b>RIARACHÁN</b>	
GINEARÁLTA .....	62
BAINISTÓCHT AIRGEADAIS .....	62
BAINISTÓCHT DAONACMHAINNÍ .....	63
TFC .....	64
RÁITIS AIRGEADAIS DON TRÉIMHSE 1Ú EANÁIR	
2006 – 31Ú NOLLAIG 2006 .....	67
FOILSEACHÁIN FHOIREANN AN MHÚSAEIM .....	96
BORD ARD-MHUSAEM NA HÉIREANN .....	99
EOLAIRE FOIRNE .....	100

# MESSAGE FROM THE CHAIRMAN OF THE BOARD OF THE NATIONAL MUSEUM OF IRELAND

---

2006 was the first full year of the stewardship of the National Museum of Ireland's Board of which I have the honour to be Chairman. Understandably, a great deal of our attention was given to bedding down the Board and ensuring that as far as practicable its engagement with the Museum's executive is as constructive and effective as possible. To this end an Audit Committee under the Chairmanship of my colleague Professor Derville Donnelly was established assisted by Niamh Fitzpatrick and the distinguished auditor John Donnelly added as an outside member. The statutory General Public Advisory Committee under the Chairmanship of Gerard Collins hit the ground running with its emphasis on the widest communication of the National Museum's purpose and message. Other non-statutory Committees have been established and are working with great diligence and effect in assisting the Board with its work as effectively and efficiently as possible. The Board has now laid down very solid structures to ensure an effective future for its work.

I am conscious of the increase in our visitor numbers at each of our four sites and have to thank the staff members who have made this possible. 2007 promises to be even better as we approach the tantalising one million visitor figure.

The discovery of the Psalter in Faddan More bog justifiably made world news. I have every confidence that our conservation staff will accord it the care and attention that is required to allow of its special display to the public in the shortest time possible. I have to acknowledge the support of Trinity College's Library, Manuscripts and Conservation Department in our efforts to achieve a quality job befitting a world-class discovery.

The appearance of academic titles in our new series is a source of great satisfaction and pride as were the inauguration of the remarkable Soldiers and Chiefs and Bog Bodies exhibitions at Collins Barracks and Kildare Street respectively. These exhibitions have won widespread acclaim both nationally and internationally. I am pleased to record the momentum with which the National Museum is meeting, and will be equipped to meet the challenges and targets to take it to a level of primacy in the international context.

The Board looks forward to the challenges ahead as the National Museum enhances its position as Ireland's premier national cultural institution.  
Ar aghaidh leis an obair!

Dr John O' Mahony SC  
Chairman  
Board of the National Museum of Ireland

# TEACHTAIREACHT Ó CHATHAOIRLEACH BHORD ARD-MHÚSAEM NA hÉIREANN

---

Ba í 2006 an chéad bhliain iomlán maoirseachta de Bhord Ard-Mhúsaem na hÉireann a bhfuil sé d'ónóir agam a bheith i mo Chathaoirleach air. Ní nach ionadh, dhíríomar mórchuid dár n-aird ar dheis a thabhairt don Bhord socrú síos agus féachaint chuige go raibh an caidreamh idir é agus feidhmeannacht an Mhúsaeim dearfach agus éifeachtach chomh fada agus a bhí praiticiúil. Chuige sin bunaíodh Coiste Iníúchóireachta faoi cheannas mo chomhgleacáí an tOllamh Derville Donnelly le cúnamh ó Niamh Fitzpatrick agus an t-iniúchóir clúiteach John Donnelly mar bhall seachtrach. Chuaigh an Coiste Comhairleach Ginearálta Poiblí faoi cheannas Gerard Collins i mbun oibre gan aon mhoill agus leag siad béim ar chuspóir agus teachtaireacht an Mhúsaeim a scaipeadh chomh fairsing agus ab fhéidir. Bunaíodh coistí neamhreachtúla eile agus tá siad ag obair go dian agus go héifeachtach chun cuidiú leis an mBord a chuid oibre a dhéanamh go críochnúil. Tá bonneagar láidir leagtha síos ag an mBord chun a chinntíú go mbeidh rath ar a chuid oibre amach anseo.

Cúis áthais dom an méadú a tháinig ar líon na gcuairteoirí ag gach ceann dár gceithre láithreacha agus tá mo bhúiochas ag dul do na baill foirne a bhain an méadú sin amach. Tá gach dealramh air go mbeidh 2007 níos fearr fós ó thaobh cuairteoirí de agus muid ag druidim leis an bhfigiúr tarraingteach de aon mhilliún cuairteoir.

Scéal mór domhanda ab ea frítheadh na Saltrach i bportach an Fheadáin Mhóir. Tá gach muinín agam go dtabharfaidh ár bhfoireann caomhantais an aire dó a theastóidh chun gur féidir é a chur ar taispeáint don phobal chomh luath agus is féidir. Ní mór dom buiochas a ghlaicadh leis an Roinn Lámhscríbhinní agus Caomhantais, Leabharlann Choláiste na Tríonóide, as an tacaíocht a thug siad dár n-iarrachtaí cóiriú ardchaighdeáin a dhéanamh ar fhionnachtain den scoth mar é.

Cúis sástacha agus mórtais dúinn ab ea na teidil acadúla atá foilsithe i straith nua agus insealbhú na dtaispeántas Saighdiúirí agus Taoisigh agus Coirp Phortaigh ag Dún Uí Choileáin agus Sráid Chill Dara faoi seach. Moladh an dá thaispeántas seo go forleathan sa tir seo agus lasmuigh de. Tá áthas orm go bhfuil dlús faoi fhreagairt an Ard-Mhúsaem do na dúshláin agus na hélimh reatha agus faoin gcaoi a bheidh ar a chumas freagairt dóibh sa todhchaí chun áit thábhachtach a bhaint amach i measc mhúsaeim na cruinne.

Tá an Bord ag tnúth leis na dúshláin a bheidh le sárú de réir mar a chuireann an tArd-Mhúseam lena stádas mar phríomhinstítiúid chultúrtha náisiúnta na hÉireann.

Ar aghaidh leis an obair!

An Dr. John O'Mahony AS  
Cathaoirleach  
Bord Ard-Mhúsaem na hÉireann

# INTRODUCTION BY THE DIRECTOR OF THE NATIONAL MUSEUM OF IRELAND

---

2006 was a very special year. Not only did we manage to mount significant exhibitions at our four sites, it was the year we acquired what is now called the Faddan More Psalter from a bog in Co. Tipperary not far from Riverstown on the Offaly border. This unique discovery was made on the bog of the Leonard brothers (one of whom Pádraig has sadly since unexpectedly passed on). The discovery was rightly reported around the world. It also has led to the Museum's cooperation with the Library of Trinity College Dublin, and its Manuscripts and Conservation experts to the finished product of which we look forward as the centre of a special exhibition in the near future.

Other accessions during 2006 included Mary Boydell's generous donation of her glass collection, and the accessions of Maureen Johnson's and Freddie Corcoran's ceramics collections. The Museum also acquired the Hogan collection of uniforms, while we also acquired a 1916 Proclamation and bought the extensive Chapple collection of military medals.

Two volumes in our new series of National Museum Monographs appeared in 2006 – one on *500 Years Of Irish Silver* by Conor O' Brien and Ida Delamar, Peter Woodman's life's work on the Keiller Knowles collection of flint. I was also delighted with the appearance of Clare Mc Cutcheon's definitive corpus on the Medieval Pottery of Dublin (including Wood Quay), which appeared as a fascicle in the National Museum's Dublin Excavations Report Series now being published solo by the Museum.

2006 was a busy year on the exhibitions front, notably *Soldiers and Chiefs: The Irish at war at home and abroad since 1550* and the 1916 exhibition at Collins Barracks, the childhood of the 1950s exhibition and *A Tribute to the Ryder Cup* also at Collins Barracks. In keeping with our policy of extending access beyond age and class boundaries we had special exhibitions of Philip Treacy's Hats and the life and times of the Electric Guitar at the Riding School, Collins Barracks.

Kildare Street staged the Iron Age Bog Bodies exhibition while Country Life, Castlebar had several exhibitions of which those on Currachs and architectural drawings of thatched houses were the most noteworthy. Natural History staged shows on the Irish Blaschka Glass models collection as well as on Fossils.

Following on earlier success with conferences on Eileen Gray and Military History, the Education Department at Collins Barracks worked with Myles Dungan of RTE to stage the interesting 'Speaking Ill of the Dead' conference which was well attended. Proceedings of the conference will be published in due course.

Patrick F. Wallace  
Director  
National Museum of Ireland

# RÉAMHRÁ Ó STIÚRTHÓIR ARD-MHÚSAEM NA HÉIREANN

---

Bliain an-speisialta ab ea 2006. Ní amhán gur éirigh linn taispeántais thábhachtachta a ghléasadh ag ceithre láthair an mhúsaem, ach ba í an bhliain inar bhfuaireamar an rud ar a dtugtar anois Saltair an Fheadáin Mhór i bportach i gCo. Thiobraid Árann gar go leor do Bhaile Uí Lachnáin ar an teorainn le Co. Uíbh Fhailí. Fuarthas an tsaltair uathúil seo ar phortach dheartháireacha Uí Lionáird (díol trua gur cailleadh duine acu, Pádraig, gan choinne, ó shin). Díol suntais ab ea an fhionnachtain seo a tuairiscíodh ar fud an domhain. Dá bharr tá comhar ar bun idir an múaem agus Leabharlann Choláisté na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus a saineolaithe Lámhscríbhinní agus Caomhantais agus táimid ag tnúth leis an táirge deiridh a bheith mar ghné lárnach de thaispeántas speisialta go gairid.

Ar na nithe eile a fuarthas le linn 2006 bhí bronntanas fial ó Mary Boydell dá bailiúchán gloine, agus bailiúcháin cheirmeachta de chuid Maureen Johnson agus Freddie Corcoran. Fuair an Múaem bailiúchán éidí Uí Ógáin agus ceann de Fhorógraí 1916 agus cheannaíomar bailiúchán fairsing bonn míleata de chuid Chapple.

Foilsíodh dhá imleabhar inár sraith nua de mhonagrafaí Ard-Mhúsaem na hÉireann i 2006 – ceann amhán ar 500 *Bliain d'Airgead na hÉireann* le Conor O'Brien agus Ida Delamar, agus saothar saoil le Peter Woodman maidir le bailiúchán breochloiche Keiller Knowles. Cúis áthais eile ab ea é corpus deifnídeach de chuid Clare McCutcheon maidir le Potaireacht Meánaoiseach na hÉireann (agus Cé an Adhmaid san áireamh) a theacht ar an saol. Tháinig sé amach i bhfoirm fasicule i Sraith Tuarascálacha Ard-Mhúsaem na hÉireann ar Thochaití Bhaile Átha Cliath atá á foilsíú anois ag an Múaem ina aonar.

Bliain ghnóthach ab ea 2006 maidir le taispeántais, go háirithe *Saighdiúirí agus Taoisigh: Na Gaeil i mbun Cogaíochta sa bhaile agus i gcéin ó 1550 agus taispeántas 1916 ag Dún Uí Choileáin*, taispeántas blianta óige sna 1950idí agus *Taispeántas Ómós do Chorn Ryder* ag Dún Uí Choileáin chomh maith. De réir ár mbeartais teacht a thabhairt do dhaoine d'aoiseanna agus d'aimí sóisialta eile, bhí taispeántais speisialta de Hataí Philip Treacy agus de stair an ghiotáir leictrigh ag an Scoil Eascaíochta, Dún Uí Choileáin.

Ghléas an Múaem i Sráid Chill Dara taispeántas de Choirp Iarannaoise Portaigh agus ghléas Múaem Shaol na Tuaithe roinnt taispeántais arbh iad na taispeántais ar churachá agus ar línlíochtaí ailtireachta de thithe ceann tuí na cinn ba shuaithinsí. Ghléas Múaem Stair an Dúlra seónna ar bhailiúchán Gloine Blaschka na hÉireann agus ar Iontaisí.

I ndiaidh an rath a bhí ar chomhdhálacha roimhe seo ar Eileen Gray agus ar an Stair Mhileata, d'oibrigh an Roinn Oideachais ag Dún Uí Choileáin le Myles Dungan as RTÉ chun an chomhdháil spéisiúil 'Speaking Ill of the Dead' a eagrú, comhdháil a mheall líon mór daoine. Foilseofar imeachtaí na comhdhála in am is i dtráth.

Patrick F. Wallace  
Stiúrthóir  
Ard-Mhúsaem na hÉireann



# ART AND INDUSTRY

---

The Art and Industrial Division is responsible for over a quarter of a million artefacts reflecting Irish economic, social, industrial, political and military history over the last four centuries. In addition the staff care for collections of Irish, European and Asian decorative arts, which give an understanding of oriental design and culture as they relate to Ireland.

2006 was probably the busiest year for the Division since the inaugural exhibitions of 1997. It was also an extremely productive year, especially in the area of exhibitions. The military history exhibition, *Soldiers and Chiefs*, finally opened in October following a huge planning and building process that covered several years. This is the largest exhibition in which the Division has ever been involved and is a credit to all concerned. The exhibition to commemorate the 90th anniversary of the 1916 Easter Rising, entitled *The Easter Rising: Understanding 1916*, opened on 9 April following an extremely short lead-in time. Temporary exhibitions included *Drones and Chanter*s; *The story of the Irish Uileann Pipes*, prepared in co-operation with Na Piobairí Uileann. Other exhibition-related work included the dismantling of the Philip Treacy exhibition, *When Philip met Isabella*, and preparatory work on the upcoming *Asgard* exhibition and Albert Bender Far Eastern Art exhibitions. One of the curators sat as Irish representative on a panel to choose material for the European Ceramic Context 2006 exhibition in Denmark.

Additions were also made to all the Division's collections through purchase and donation. Important purchases during the year included additions to the contemporary collections of Jewellery, Glass, Ceramics and Metalwork, made in conjunction with the Crafts Council of Ireland. Some of these were substantial and highly significant acquisitions and included the Maureen Johnson Bequest, 70 pieces of late 19th-century Dublin ceramics; the Mary Boydell Archive, research papers, notes and illustrations relating to Irish glass; the James Hogan Collection: 130 uniforms of the Irish Defence Forces; Internment Camp autograph books; a Bible from the *Lusitania*; a wedding dress, 1918, from Skibbereen, County Cork, and a 1950s evening cloak designed by Sybil Connolly. Some significant purchases included the Field Marshal Chapple Collection: badges and militaria relating to Irish regiments in the British

Army; a Bren gun carrier (for *Soldiers and Chiefs*); the Corcoran Collection, 59 pieces of 18th-century Irish delftware; two Belfast decanters, late 18th century; the O'Keeffe Collection, memorabilia relating to 1916 and the War of Independence; an illuminated address and alderman's chain of office, Dublin, 1918; a Truce cease-fire order, 1921; a pair of 19th-century chairs from Adare Manor; a Presentation set square from laying of foundation stone, Daniel O'Connell monument; hand-woven cushions, modern, by Alice Roden; and pattern books for linen damasks, late 19th century.

The Division facilitated a great number of researchers and work experience students, and answered a wide variety of enquiries across the full range of the collections. The Division also contributed to seminars, radio and television programmes, and published short articles on their respective subjects and collections. With regard to larger publications, the *Guide to Collins Barracks* was finally completed. Numerous lectures, talks and gallery tours were given to both special interest groups and museum staff, as the Division continued to work with the Education and Marketing Departments to promote the collections.

The cataloguing of the philatelic and military history collections continued, the latter collection augmented by a large body of material brought in as a result of the exhibition. In this area alone over 2500 objects were registered.

Material relating to the Fenian movement was sent on loan during the year to both Kerry County Museum and the Fremantle Museum, Australia.

# EALAÍON AGUS

## TIONSCAIL

Tá cúram ar an Rannán as breis is ceathrú milliún déantán a léirionn stair eacnamaíoch, shóisialta, thionsclaíoch, pholaitíúil agus mhíleata na hÉireann le ceithre chéad bliain anuas. Ina theannta sin tugann an fhoireann aire do bhailiúchán na n-ealaíon maisiúil Gaelach, Eorpach, agus Oirthearach a thugann léargas ar dhearadh agus ar chultúr an oirthir mar a bhaineann siad le hÉirinn.

Ba í 2006 an bliain ba ghnóthai is dócha don Rannán ó aimsir na dtaispeántas tionscnaimh i 1997. Blaín an-bhisiúil ab ea í chomh maith, go háirithe i réimse na dtaispeántas. D'oscail an taispeántas stair mhíleata *Saighdiúirí agus Taoisigh* ar deireadh i mí Dheireadh Fómhair i ndiaidh próiseas ollmhór pleáinála agus tógála a thóg roinnt blianta. Seo é an taispeántas ba mhó a raibh baint ag an Rannán léi riámh agus tá an-mholadh ag dul don uile dhuine a bhí bainteach leis. D'oscail an taispeántas a chomóir cothrom 90 bliain Éirí Amach 1916, dar teideal *Éirí Amach na Cáscá: Léirthuiscint ar 1916*, ar an 9 Aibreán i ndiaidh am ullmhúcháin an-ghearr. Ar na taispeántais shealadacha bhí *Dordáin agus Seamsúir: Scéal Píobaí Uileann na hÉireann* a ullmhaíodh i gcomhar leis na Na Píobairí Uileann. Ar obair eile a bhain le taispeántais bhí díghléasadh thaispeántas Philip Treacy, *When Philip met Isabella*, agus obair ullmhúcháin ar an taispeántas *Asgard* atá beartaithe agus ar thaispeántais Albert Bender i dtaca le Ealaín an Chianoirthir. Bhí duine de na coimeádaithe mar ionadáí na hÉireann ar phainéal a roghnaigh ábhar le haghaidh an taispeántas Comhthéacs Ceirmeachta na hEorpa 2006 sa Danmhairg.

Cuireadh breiseanna le bailiúcháin uile na Rannáin chomh maith, idir cheannaithe agus bhronna. Ar na déantáin ba thábhactaí a ceannaíodh i gcaitheamh na bliana bhí breiseanna ar na bailiúcháin chomhaimseartha Seodra, Gloine agus Ceirmeachta a rinneadh i gcomhar le Comhairle Ceardaiochta na hÉireann. Bhí cuid de na réada nuafhaigthe seo toirtiúil agus an-tábhachtach, ina measc bhí Tiomnacht Maureen Johnson, 70 mír de cheirmeacht Bhaile Átha Cliath den naoú haois déag; Cartlann Mary Boydell, páipéir thaighde, nótaí agus maisiúcháin a bhaineann le gloine na hÉireann; Bailiúchán James Hogan: 130 éide ó Óglacha na hÉireann; leabhair shíniúchán Champa Géibhinn; Bíobla ón *Lusitania*; gúna bainise, 1918,

ón Sciobairín, Contae Chorcaí, agus clóca tráthnóna ó na 1950idí a dhear Sybil Connolly. Ar na nithe ba thábhactaí a ceannaíodh bhí Bailiúchán an Mharascaill Mhachaire Chapple: suaitheantaí agus ábhair mhíleata a bhain le reisimintí Éireannacha in Arm na Breataine; iompróir gunna Bren (le haghaidh *Saighdiúirí agus Taoisigh*); Bailiúchán Corcoran, 59 mír ó bhailiúchán gréithe na hÉireann ón 18ú haois; dhá cheann de dheacantair Bhéal Feirste, ó dheireadh na hochtú haoise déag; Bailiúchán Uí Chaoimh, ábhair chuimhneacháin a bhain le 1916 agus le Cogadh na Saoirse; óráid mhaisithe agus slabhra oifige bardasaigh, Baile Átha Cliath, 1918; ordú stop an scaoileadh Shos Comhraic, 1921; péire cathaoireacháin ón 19ú haois ó Mhainéar Áth Dara; dronbhacart láithreachais ó leagadh na bunchloiche, séadchomhartha Dhónall Uí Chonaill; cuisíni lámhfhite, nua-aimseartha, le Alice Roden; agus leabhair phátrún le haghaidh damasc líneadaigh, an 19ú haois dhéanach.

D'éascaigh foireann na Roinne lón mór taighdeoirí agus scoláirí ar thaithí oibre, agus d'fhreagair fiosruithe éagsúla maidir le gach ceann de na bailiúcháin. Bhí siad páirteach i gcláir raidió agus theilifise chomh maith agus d'fhoilsigh ailt ghearra ar a n-ábhair agus a mbailiúcháin féin. Maidir leis na foileacháin ba mhó, tugadh *Treoirleabhar do Dhún Uí Choileáin* chun críche, ar deireadh. Tugadh lón mór léachtáil, cainteanna agus turais aíléis do ghrúpaí leasa speisialta agus d'fhoireann an mhúsaem, agus lean an Rannán de bheith ag obair leis na Ranna Oideachais agus Margaíochta chun na bailiúcháin a chur chun cinn.

Leanadh de chatalógadh na mbailiúchán stampshanais agus staire míleata, cuireadh leár mór ábhar leis an mbailiúchán deiridh mar thoradh ar an taispeántas. Sa réimse sin amháin cláraíodh breis is 2500 réad.

Tugadh ábhar a bhain le gluaiseacht na bhFíníní ar iasachta i gcaitheamh na bliana do Mhúsaem Contae Chiarráig agus don Fremantle Museum san Astráil.



# IRISH ANTIQUITIES

This Division is responsible for the archaeological heritage of Ireland. In addition to managing substantial collections of Ethnographical, Classical and Egyptian material, the staff control and manage over two million archaeological objects.

The most exceptional find during the year was the discovery of an early medieval illuminated psalter found in a bog at Faddan More, Co. Tipperary. More routine finds included a bead and pendant found with human remains in a cist grave at Tomfarney, Co. Wexford; medieval harness mounts and personal objects, Ballyadams, Co. Kildare; bog butter, Tooreen, Co. Offaly and Ballybeg, Co. Tipperary; a slate altar slab inscribed with crosses and dated 1688, Kyle, Co. Wexford; medieval floor tiles, Holmpatrick graveyard, Co. Dublin; and various lithic assemblages. Three bronze axe-heads and a stone axe-head were purchased from an old collection.

A major exhibition of bog bodies and related material, entitled *Kingship and Sacrifice - An exhibition of Iron Age bog bodies and related finds*, opened in June. A hoard of gold and amber objects from Dooyork, Co. Mayo was placed on exhibition in the *Prehistoric Ireland* display. The *Ten Years Collecting* exhibition was dismantled to facilitate a new exhibition planned to open in 2007. There was ongoing maintenance of existing exhibitions. Preparation continued on exhibitions of Roman and Byzantine material, finds from excavations on the Hill of Tara, replica high crosses and an exhibition of paintings by artist Lorcan Walsh.

Objects were loaned for exhibition at the Ulster Museum; Sainsbury Centre, Norwich, England; Derry Museum; Cavan County Museum and Downpatrick Museum, while preparation continued on the loans of objects to Ballymena Museum, Galway City Museum and the Manx Museum. Limavady Museum was assisted in making a three-dimensional image of the Broighter collar for display purposes.

Work continued on the compilation of a stratigraphical matrix of the Fishamble Street excavations as part of the Dublin Excavations Project. Specialist studies continued on the bone, antler and ivory objects from the excavations as well as research into stave-built wooden vessels, non-ferrous metalworking, leather scabbards and

sheaths, weapons and amber. A report on ceramics was published. Staff continued to work on the Bog Bodies research project as part of a multi-disciplinary team undertaking analysis of recently-discovered bog bodies, and a major conference was held to outline the work of the project.

Work continued on the Unpublished Burials Project, publishing all burials excavated by the National Museum of Ireland. Final text will be available in 2007. Text and illustrations for the Late Roman and Byzantine Catalogue were approved and submitted for publication, while final text and images for the Kildare Street Guide were submitted to the designer.

Work continued on a specialist study of Viking burials from Ireland. A final text will become available in 2007. Final text of the Lough Derravaragh Project was submitted for publication. A database of finds pertaining to the Lough Ennell Project was compiled, and a selection of the finds was illustrated for inclusion in the report. The work of The Prehistoric Gold Research Group is ongoing.

Fieldwork was undertaken following reports of archaeological discoveries. Most notably, the find place of the Faddan More Psalter was investigated, excavated and documented, and other small-scale excavations took place such as the investigation of a Bronze Age burial at Tomfarney, Co. Wexford. Staff were involved in numerous meetings relating to various aspects of development-led archaeology, and there was considerable interaction with National Monuments Service staff and NRA project archaeologists regarding excavation and post-excavation issues.

Staff represented the NMI on the Bord na Móna Archaeological Liaison Committee, the Steering Group for the Dublin Archaeological Archives Project and the Steering Group for the Knowth Publications Project. The total number of licences and consents processed during the year was as follows: 1532 Excavation Licenses; 65 Ministerial Consents; 27 Ministerial Directions; 75 Dive/Survey; 63 Detection Device; 286 Licences to Export; 432 Licences to Alter.

Work continued on scanning, indexing and editing the 19th-century registers. Preparatory work was undertaken on digitising the divisional



photographic transparencies and the topographical files, with the latter being organised into a geographic information system. Further archives were placed in fireproof cabinets. The compilation of databases of correspondence registers and acquisition registers continued. Progress was made towards the establishment of an on-line system for licence applications (export and alter) and for report forms for finders and persons in possession of archaeological objects. A standard database was designed for excavators to register finds.

Documentation of the Ethnographical collection continued. Refurbishment of the Anatomical Store commenced, and documentation of excavated material held abroad was finalised. A collection of lithics acquired through University College Galway was numbered and described. There was ongoing maintenance of the reserve collections.

Access to the collections and archives was provided for researchers and students. Student Interns and Transition Year students were facilitated and trained. Staff responded to a wide range of queries and lectured widely at conferences, in third level colleges and to local societies throughout the country. Staff attended various training courses, seminars and conferences and published a number of papers on aspects of the collections. The Division liaised with An Garda Síochána relating to illegal metal detecting and illegal wreck diving. Settlement was finalised regarding finds from Spanish Armada wrecks at Streedagh and the bell of the *MV Hazelside*. Staff assisted with advice concerning wrecks from Dunworley Bay and the wreck of the *Lusitania*.

# SEANIARSMAÍ ÉIREANN

Tá cúram ar an Roinn as oidhreacht seandálaíoch na hÉireann. Le cois bainistíú na mórbhailiúchán d'ábhar eitneagrafach, claisiceach agus Éigipteach rialaíonn agus bainistíonn an fhoireann breis is dhá mhilliún réad seandálaíoch.

An fhionnachtain ba shuaithinsí i gcaitheamh na bliana ná an tsaltair mheánaoiseach a fuarthas i bportach ag Feadán Mór, Co. Thiobraid Árann. Ar na fionnachtana eile nach raibh chomh suauthinseach céanna bhí coirnín agus siogaírlín a fuarthas le hiarsmaí daonna in uaigh ciste ag Tomfarney, Co. Loch Garman; gléasai úma meánaoise agus réada pearsanta, Ballyadams, Co. Chill Dara; im phortaigh, An Tuairín, Co. Uíbh Fhailí agus An Baile Beag, Co. Thiobraid Árann; leac slinne altóra inscríofa le crosanna agus dátaithe 1688, Kyle, Co. Loch Garman; tleanna meánaoiseacha urláir, reilig Holmpatrick, Co. Bhaile Átha Cliath; agus cluichreáin liteacha éagsúla. Ceannaíodh trí cinn de chinn tua cré-umha agus ceann tua cloiche ó sheanbhailiúchán.

D'oscail mórtuaispeántas de choirp phortaigh agus d'ábhar gaolmhar, dar teideal *Ríogacht agus Íobairt: Taispeántas de choirp phortaigh Iarannaoise agus fionnachtana gaolmhara*, i mí an Mheithimh. Cuireadh taisce de réada óir agus ómra ó Dhumha Dhearc, Co. Mhaigh Eo ar taispeántas i dtaispeáint d'Éire Réamhstaire. Baineadh taispeántas *Deich mBliana de Bhailiú* ó chéile chun slí a dhéanamh do thaispeántas nua a osclóidh i 2007. Rinneadh cothabháil leanúnach ar na taispeántais atá ann faoi láthair. Leanadh de na hullmhúcháin le haghaidh taispeántais d'ábhar Rómhánach agus Biosántach, fionnachtana ó thochaití ar Chnoc na Teamhrach, macasamhla d'ardchrosanna agus taispeántas de phéintéalaíoch leis an ealaíontóir Lorcan Walsh.

Tugadh réada ar iasacht le taispeáint ag Músaem Uladh; Ionad Sainsbury, Norwich, Sasana; Músaem Dhoire; Músaem Contae an Chabáin agus Músaem Dhún Phádraig, agus leanadh den ullmhúchán ar réada a thabharfar ar iasacht do Mhúsaem an Bhaile Mheánaigh, Músaem Chathair na Gaillimhe agus don Mhúsaem Manannach. Cabhraíodh le Músaem Léim an Mhadaigh chun íomhá trí thoiseach a dhéanamh de mhuince Bhrú Íochtair chun críocha taispeána.

Lean an obair ar thiomsú maitríse stratagrafaigh de thochaití Shráid Sheamhs an Éisc mar chuid de Thionscadal Tochaití Bhaile Átha Cliath. Lean an sainstaidéar ar réada cnáimh, binne agus eabhair ó na tochaití chomh maith le taighde ar shoithigh adhmaid tógha de chandaí, miotalóireacht neamhiarainn, truaillí leathair, arm agus ómra. Foilsíodh tuarascáil ar an gceirmeacht. Lean an fhoireann den obair ar thionscadal taighde na gCorp Portaigh mar chuid d'fhoireann ildisciplíne a thug faoi anailís ar choirp phortaigh a fuarthas le deireanas, agus eagraíodh mórchomhdháil chun srac-chuntas a thabhairt ar obair an tionscadail.

Lean an obair ar Thionscadal na nAdhlactháí Neamhfhoilsithe, is é sin, gach adhlacadh a thochail Ard-Mhúsaem na hÉireann a fhoilsíú. Beidh an téacs deireanach ar fail i 2007. Faomhadh an téacs agus na pictiúir do Chatalóg na Réad Rómhánach Déanach agus na Réad Biosántach agus cuireadh ar aghaidh é lena fhoilsíú, agus cuireadh an téacs agus na pictiúir dheiridh le haghaidh Treoirleabhair Shráid Chill Dara ar aghaidh chuig an dearthóir.

Lean an obair ar shainstaidéar ar adhlactháí Lochlannacha ó Éirinn. Beidh téacs deiridh ar fail i 2007. Cuireadh an téacs deiridh le haghaidh tionscadal Loch Dairbhreach ar aghaidh lena fhoilsíú. Tiomsaíodh bunachar sonrái de fionnachtana a bhain le Tionscadal Loch Ainninn, agus cuireadh pictiúir de rogha fionnachtana san áireamh sa tuarascáil. Tá obair an Ghrúpa Taighde um Ór Réamhstairiúil ar siúl i gcónaí.

Tugadh faoi obair allamuigh i ndiaidh scéala a fháil faoi fionnachtana seandálaíochta. Ar na nithe ba thábhachtaí, imscrúdaíodh, tochlaíodh agus doimeádaíodh ionad fála Shaltair an Fheadáin Mhóir, agus rinneadh tochaití eile ar an mionchóir amhail imscrúdú ar adhlacadh Cré-Umhaoise ag Tomfarney, Co. Loch Garman. Bhí an fhoireann páirteach i mórchuid cruinnithe maidir le gnéithe éagsúla den tseandálaíochta i ndiaidh na forbartha, agus bhí mórchuid idirghníomhaithe le foireann na Seirbhise Náisiúnta Séadchomharthaí agus le seandálaíthe tionscadail an Údarás um Bóithre Náisiúnta maidir le ceisteanna tochailte agus iarthochailte.

Bhí baill foirne mar ionadaithe de chuid Ard-Mhúsaem na hÉireann ar Choiste Idirchaidrimh Seandálaíoch Bhord na Móna, Tionscadal Cartlanna Seandálaíochta Bhaile Átha Cliath agus ar an nGrúpa Stiúrtha do Thionscadal Foilseachán Chnóbha. Ba é líon iomlán na gceadúnas agus na gceaduithe a próiseáladh i gcaitheamh na bliana ná: 1532 Ceadúnas Tochailte; 65 Ceadú Aireachta; 27 Ordachán Aireachta; 75 Tum/Suirbhé; 63 Gléas Braiteacháin; 286 Ceadúnas Easpórtála; 432 Ceadúnais chun Athraithe.

Lean an obair ar scanadh, innéacsú agus eagarthóireacht chlárleabhair na naoú haoise déag. Tugadh faoi obair ullmhúcháin ar dhigitiú na tréshoileán grianghrafadóireachta rannáin agus na gcomhad topografach, agus eagraíodh na comhaid dheiridh seo mar chóras eolais geografach. Cuireadh cartlanna eile i gcaibinéid tinedhíonacha. Leanadh de bheith ag tiomsú bunachair shonraí de chláir chomhfhreagrais agus de chláir na n-earráí nuafhaigte. Rinneadh dul chun cinn maidir le córas ar líne a bhunú d'iarraatais ar cheadúnas (easpórtála agus chun athraithe) agus d'fhoirmeacha tuairisce d'fhaigtheoirí agus do dhaoine atá i seilbh réada seandálaíochta. Dearadh bunachar sonraí caighdeánach ar a bhféadfaidh tochaltóirí fionnachtana a chlárú.

Leanadh de dhoiciméadú an bhailiúcháin eitneagrafaigh. Cuireadh tú le hathchóiriú an Stóir Anatamaíche, agus tugadh doiciméadú an ábhair thochailte atá á choimeád thar lear i gcrích. Cuireadh uimhreacha agus rinneadh cur síos ar bhailiúchán litice a fuarthas tríd an gColáiste Ollscoile, Gaillimh Rinneadh cothabháil leanúnach ar na bailiúcháin chúltaca.

Cuireadh teacht ar na bailiúcháin agus na cartlanna ar fáil do thaighdeoirí agus do scoláirí. Glacadh le hintéirnigh agus le daltaí Idirbhliana agus oileadh iad. D'fhreagair baill foirne raon leathan ceisteanna agus thug léacataí ag comhdhálacha, i gcoláistí tríu leibhéal agus chuig cumainn áitiúla ar fud na tire. D'fhreastail comhaltaí den fhoireann ar chúrsáí oiliúna, scimineáir agus comhdhálacha agus foilsiodh páipéir éagsúla ar ghnéithe de na bailiúcháin. Bhí teagmháil idir an Rannán agus An Garda Siochána maidir le brath mídhleathach miotail agus tumadh mídhleathach chuig raiceanna. Tugadh socrúchán chun críche maidir le fionnachtana ó raiceanna d'Armáid na Spáinne ag Na Srithidí agus clog an *MV Hazelside*. Sholáthair an fhoireann comhairle maidir le raiceanna ó Bhá Dhún Bhorlaí agus le raic an *Lusitania*.



# B

## Birthdays Biel International



# IRISH FOLK LIFE

---

This Division houses the national collection of objects representing Irish traditional life, dating principally to the period 1850 to 1950.

Eight temporary exhibitions were mounted by the Division during the year, at Turlough Park, in Collins Barracks and in Vienna.

*Retrace*, an exhibition of artwork by the artist Margo McNulty, went on display in the temporary gallery in April and May. This was complemented by religious material from the Irish Folklife Collection. In April a temporary exhibition, *A Hive for the Honey Bee: A History of Beekeeping in Ireland*, was mounted in conjunction with the Ulster Folk and Transport Museum and continued until August. In March, *Currachs: Skin Boats of the West Coast of Ireland*, a Divisional travelling exhibition, opened at the Austrian Museum of Folklife and Folk Art, Vienna. It continued until October and is now in storage in Vienna. *Whitewash and Thatch: Architectural Drawings 1930s-1940s*, an exhibition of architectural drawings and watercolours from the Irish Folklife Collection, opened in June. *Down Memory Lane – Childhood in the 1950s*, originally displayed in the National Museum of Ireland – Country Life in 2005, opened in Collins Barracks in August for six months. *Streets of London*, an exhibition of photographs of Irish emigrants to Great Britain, was mounted in association with Meitheal Mhaigh Eo in July. Following this, *Michael Davitt, Father of the Land League*, an exhibition to commemorate the centenary of the death of Michael Davitt, was opened in association with Mayo County Library and Mayo County Council in October. *First Quarter – Celebrating 25 years of the Irish Patchwork Society* opened in November for the Christmas period and featured 29 quilts made by members of the Society.

Pending the finalising of an acquisitions policy for the Division, acquisitions were again restricted in 2006. However, a major collection (298) of drawings of shop-fronts by the architectural historian Seán Rothery was acquired. A number of mid-20th-century Irish travel and tourism posters were acquired in connection with a planned exhibition for 2007.

The collections continue to be promoted by Divisional staff through gallery talks and externally through lectures to third-level institutions, societies and other groups, as well as on local and national radio and television and on Austrian radio. A conference, *Turas na mBan*, was organised in Westport in association with Meitheal Mhaigh Eo in May. Another conference, *Building on the Past – Designing for the Future*, was organised in association with the Heritage Office, Mayo County Council, as an adjunct to the *Whitewash and Thatch* exhibition. A concert called *Streets of London* was held in June in the grounds of Turlough Park, with proceeds going to Irish charities in London.

Considerable progress was again made in upgrading the storage conditions for the collections housed in Daingean, Co. Offaly, continuing the two-year building maintenance programme with the Office of Public Works which commenced in 2006. The majority of the collection was documented and a map was compiled with object locations. The agricultural shed was reorganised and the machinery within documented.

Some 145 woodturning related objects were transferred from the Process Gallery in Collins Barracks to storage in Turlough Park.

# SAOL TÍRE ÉIREANN

Coimeádtar sa Rannán seo bailiúchán náisiúnta na réad a bhaineann le saol traidisiúnta na hÉireann, a dhátaíonn go príomha go dtí an tréimhse 1850 go 1950.

Ghléas an Roinn ocht gcinn de thaispeántais shealadacha i gcaitheamh na bliana, ag Páirc Thurlaigh, i nDún Uí Choileáin agus i Vín na hOstaire.



Chuaigh *Abtrianaigh (Retrace)*, taispeántas ealaíne leis an ealaíontóir Margo McNulty, ar taispeántas san áiléar sealadach in Aibreán agus i mBealtaine. Comhlánaíodh é le hábhar reiligiúnach ó Bhailiúchán Shaol na Tuaithe. Gléasadh taispeántas sealadach *A Hive for the Honey Bee: Stair na Beachaireachta in Éirinn*, in Aibreán i gcomhar le Músaem Daonchultúir agus Iompair Uladh agus lean sé go dtí mí Lúnasa. I mí an Mhárta d'oscail *Currachai: Báid Chraicne de Chóstá Iarthair na hÉireann*, taispeántas taistil Rannáin, ag Músaem Daonchultúir agus Daonealáine na hOstaire, Vín. Lean sé go mí Dheireadh Fómhair agus tá sé anois ar stóráil i Vín. D'oscail *Aoldath agus Tuí: Líníochtaí Ailtireachta 1930idí-1940idí*, taispeántas de líníochtaí agus d'uiscedhathanna ailtireachta ó Bhailiúchán Shaol na Tuaithe, i mí an Mheithimh. D'oscail *Síos Bóithrín na Smaointe - An Óige sna 1950idí*, a cuireadh ar taispeánt a chéad uair in Ard-Mhúsaem na hÉireann – Saol na Tuaithe i 2005, i nDún Uí Choileáin i mí Lúnasa ar feadh sé mhí. Gléasadh *Sráideanna Londan*, taispeántas de ghrianghrafnna d'inimircigh Éireannacha go dtí an Bhreatain Mhór, i gcomhar le Meitheal Mhaigh Eo i mí Iúil. Ina dhiaidh sin, osclaíodh *Mícheál Dáibhéid, Athair Chonradh na Talún*, taispeántas chun cothrom céad bliain bhás Mhichíl Dháibhéid a chomóradh, i gcomhar le Leabharlann Contae Mhaigh Eo agus le Comhairle Contae Mhaigh Eo i mí Dheireadh Fómhair. D'oscail *An Chéad Cheathrú - Ceiliúradh ar 25 Bliain de Chumann Píosála na hÉireann* i mí na Samhna do thréimhse na Nollag agus bhí 29 culta a rinne baill an Chumáinn le feiceáil ann.

Ar feitheamh ar bheartas le haghaidh earráí nuafhaigte a thabhairt chun críche don Rannán, bhí srian le ceannach arís i 2006. Ceannaíodh mórbhailiúchán (298) líníochtaí d'aghaidheanna siopa leis an stáraí ailtireachta Seán Rothery, más ea. Ceannaíodh roinnt póstaer taistil agus turasóireachta ó lár na fichiú haoise mar ullmhúchán do thaispeántas atá beartaithe don bhliain 2007.

Cuireann foireann an Rannáin na bailiúcháin chun cinn i gcónaí trí bhíthin cainteanna sa ghailearaí agus go seachtrach agus leacthaí d'instiúidi tríú leibhéal, do chumáinn agus do ghrúpaí eile chomh maith le cainteanna ar raidió áitiúil agus náisiúnta agus ar theilifís agus ar raidió na hOstaire. Eagraíodh comhdháil, *Turas na mBan*, i gCathair na Mart i gcomhar le Meitheal Mhaigh Eo i mí Bealtaine. Eagraíodh comhdháil eile, *Ag Tóigáil ar an Am a Chuaigh Thart - Ag Dearadh le haghaidh an Todbháí*, i gcomhar leis an Oifig Oidhreachta, Comhairle Contae Mhaigh Eo, mar agusín leis an taispeántas *Aoldath agus Tuí*. Eagraíodh ceolchoirm dar teideal *Sráideanna Londan* i mí an Mheithimh i dtalite Pháirc Thurlaigh agus tugadh an t-airgead do charthanachtaí Éireannacha i Londain.

Rinneadh dul chun cinn suntasach arís maidir leis na dálaí stórála do na bailiúcháin i nDaingean, Co. Uíbh Fhailí a uasghrádú, rud a bhí mar chuid de chlár cothabhála foirgneamh dhá bhliain de chuid Oifig na nOibreaca Poiblí a cuireadh túis leis i 2006. Doiciméadaíodh formhór an bhailiúcháin agus tiomsaíodh léarscáil a thaispeán suíomhanna na réad. Atheagraíodh an seid talmhaiochta agus doiciméadaíodh an t-inneala r a bhí istigh ann. Aistríodh tuairim is 145 réad a bhain le saoirseacht adhmaid ón Áiléar Próisis i nDún Uí Choileáin go stóras i bPáirc Thurlaigh.

DAIS / Ó CONAILL,  
CILLRIALÁIG ~



Illustrated by John O'Callaghan

This is a copy of a sketch by John O'Callaghan  
of an old house at Cillrialáig, Co. Donegal.

1934.



# NATURAL HISTORY

This Division cares for the Museum collections in the disciplines of zoology and geology, numbering approximately two million specimens.

In 2006 the Office of Public Works presented the Museum with a development control plan for the Natural History Museum. This will guide the restoration of the building and additional works relating to public access. These include a lift, and new spaces for a shop, reception, education, temporary exhibitions and a café. The conservation project on the building will maintain its historic character while safeguarding the exhibits for future generations.

Minister John O'Donoghue welcomed a report by the Royal Irish Academy, *The Natural History Museum, present status and future needs*, at a presentation in April. This has been referred to the Board for consideration on the long-term plans for staffing and building developments.

A catalogue of the BioMar survey collection was completed. The Professor Myers collection of Amphipoda was incorporated. Bryozoans from the *Challenger* expedition were rearranged and researched. With the assistance of the Irish Whale and Dolphin Group and funding from The Heritage Council, a tissue bank was established for samples from whales and dolphins stranded on Irish coasts.

Rehousing of insect collections continued, with new cabinets for the true bugs (Hemiptera) allowing for the upgrading of this collection. Staff continue to monitor exhibition areas and stores for insect pests, with protocols established for transfer of specimens between buildings and a regular programme of bagging and freezing suspect items.

Geological collections were rehoused in the Beggars Bush stores, releasing space that will be upgraded and used to store the large collection of giant deer. The skull of a large pliosaur (a marine equivalent of a dinosaur) was prepared at the laboratory of the Natural History Museum, London. This *Rhomaleosaurus* is the subject of research and will eventually go on exhibition.

A conservation survey of the Division's exhibition and storage areas was carried out by a consultant. This survey includes action plans that will

guide processes and projects over coming years. Sanction was received for an additional post in the Conservation Department, providing a full-time member of staff dedicated to Natural History Division collections.

Significant acquisitions included a collection of Amphipoda and other crustaceans from the Banyuls district in the South of France, collected by staff. A new sable antelope and a zebra were acquired to replace exhibits, and a number of mammal exhibits were purchased from a German taxidermist who is ceasing trading. Pieces of the Irish meteorites from Crumlin, Co. Antrim and Bovedy, Co. Derry were acquired.

In addition to thirteen scientific papers, staff produced ten popular articles and the first in a series of booklets on aspects of the collections – *Blaschka Glass Models*. This collection was the subject of an international conference hosted by the Museum in September. Significant input was provided to online insect checklists maintained by Invertebrate Ireland Online, which provides a valuable resource for the scientific community at large.

Temporary exhibitions in 2006 included *Cabinets of Curiosity* (until May) illustrating various aspects of research based on the Museum's collections. *Fossils, Key to the Past* (May-September) included dinosaur bones from Kazakhstan and other examples of research projects on fossils involving museum staff and research associates. *Crystal Creatures* (September-January 2007) highlighted the Museum's permanent exhibition of Blaschka glass models and was used to showcase examples from Irish universities not previously on public display.

RTÉ continued broadcasting a series of programmes on the Natural History Museum, entitled 'Chopped, Pickled and Stuffed', on Radio 1. In all ten episodes were recorded in 2006, a total of three hours of radio, with repeats during Christmas week and at a number of times during the year, totalling four hours broadcasting in all. The series is available continually on the RTÉ website.

# STAIR AN DÚLRA

Ar an Rannán seo atá cúram bhailiúcháin an mhúsaeim i ndisiplíní míoleolaíochta agus geolaíochta, a bhfuil tuairim is dhá mhilliún eiseamal i gceist leo.

I 2006 bhronn Oifig na nOibreacha Poiblí plean rialithe forbartha le haghaidh Músaem Stair an Dúlra ar an mhúsaem. Beidh sé seo mar threoir le hathchóiriú an fhoirgnimh agus leis na hoibreacha breise a bhaineann le teacht phoiblí. Orthu siúd tá ardaitheoir, agus spásanna nua le haghaidh siopa, limistéar fáiltithe, oideachas, taispeántais shealadacha agus café. Caomhnóidh an tionscadal caomhantais carachtar stáiriúil an fhoirgnimh agus cosnóidh sé na foilseáin do na glúine a thiocfaidh inár ndiaidh.

Chuir an tAire John O'Donoghue fáilte roimh thuarascáil de chuid Acadamh Ríoga na hÉireann, *The Natural History Museum, present status and future needs*, ag seoladh i mí Aibreáin. Cuireadh an tuarscáil ar aghaidh go dtí an Bord dá mbreithniú i dtaca leis na pleannána fadtéarmacha le haghaidh forbairtí foirne agus tógála.

Tugadh catalóg de bhailiúchán suirbhé BioMar chun críche. Cuireadh bailiúchán Amfapód an Ollamh Myers san áireamh ann. Cuireadh atheagar ar bryozoa ó shluaiocht *Challenger* agus rinneadh taighde orthu. Le cúnamh ón nGrúpa Éireannach maidir le Míolta Móra agus Deilfeanna agus le cistiú ón gComhairle Oidhreachta, bunaodh banc fiochán do shamplaí ó mhíolta móra agus ó dheilfeanna a thriomaítar ar chóstaí na hÉireann.

Leanadh den athchóiriú ar bhailiúcháin feithidi, agus cuireadh caibinéidí nua ar fáil do na flórfhridí (Hemiptera), rud a chumasáigh uasghrádú an bhailiúcháin seo. Tá an fhoireann ag déanamh monatóireachta i gcónaí ar réimsí taispeántais agus ar stóir le haghaidh lotnайдí feithide, agus bunaodh prótacail d'aistriú eiseamal idir fhoirgnimh mar aon le clár rialta faoina gcuirtear míreanna inamhrais i máláí agus reoitear iad.

Cuireadh athchóiríocht ar fáil do bhailiúcháin geolaíocha i stórais Thor an Bhacaigh, rud a chuir spás ar fáil a uasghrádófar agus a úsáidfear chun an bailiúchán móré de fhianna móra na mbeann a stóráil ann. Ullmháodh cloigeann de pliosaur móré (comhionann mara de dhíneasár) ag saotharlann Mhúseam Náisiúnta an Dúlra, Londain. Tá taighde á dhéanamh ar an *Rhomaleosaurus* seo agus cuirfear ar taispeántas é ar ball.


Rinne comhairleach suirbhé caomhantais ar limistéir taispeántais agus stórála an Rannáin. San áireamh sa suirbhé bhí pleannána gníomhaíochta a bheidh mar threoir le próisis agus tionscadail sna blianta amach romhainn. Fuarthas ceadú le haghaidh poist bhereise sa Rannóga Caomhantais, a sholáthróidh ball foirne lánimseartha a oibreoidh ar bhailiúcháin Rannán Stair an Dúlra amháin.

Ar na hearraí nuafhaigte ba thábhactaí bhí bailiúchán d'Amfapód agus de chrústaigh eile ó cheantar Banyuls dheisceart na Fraince, a bhailigh an fhoireann. Fuarthas antalóp ciordhubh nua agus séabra in áit foilseán a bhí againn, agus ceannáodh roinnt foilseáin de mhamaigh ó sheitheadóir Gearmánach atá ag éirí as an trádáil. Fuarthas míreanna de dhreigíti Éireannacha ó Chroimghlinn, Co. Aontroma agus Bovedy, Co. Dhoire.

Le cois trí pháipéar eolaíoch déag, sholáthair an fhoireann deich n-alt coitianta agus an chéad cheann i sráth leabhrán ar ghnéithe de na bailiúcháin – *Blaschka Glass Models*. Bhí an bailiúchán mar ábhar le comhdháil idirnáisiúnta a d'óstáil an Músaem i mí Mheán Fómhair. Cuireadh ionchur suntasach ar fáil do sheicliostai feithidi ar líne atá á gcoimeád ag Invertebrate Ireland Online, a sholáthraíonn acmhainn luachmhar don phobal eolaíoch trí chéile.

Ar na taispeántais shealadacha i 2006 bhí *Caibinéid na Fiosracha* (go dtí Bealtaine) a léirigh gnéithe éagsúla den taighde bunaithe ar bhailiúcháin an Mhúsaeim. San áireamh in *Lontaise, Eochair ar an Am atá Caite* (Bealtaine-Meán Fómhair) bhí cnámha díneásair ón gCasacstáin agus samplaí eile de thionscadail taighde ar iontaisí a bhfuil foireann agus compháirtithe taighde ag obair orthu. D'aibhsigh *Créatúir Chriostail* (Meán Fómhair – Eanáir 2007) bailiúchán buan an Mhúsaeim de shamhlacha gloine Blaschka agus úsáideadh é chun samplaí a léiriú ó ollscoileanna Éireannacha nár taispeánadh don phobal roimhe seo.

Lean RTÉ de bheith ag craoladh sráth clár maidir le Músaem Stair an Dúlra, dar teideal 'Chopped, Pickled and Stuffed' ar Raidió 1. Taifeadadh deich gcinn d'eipeasóidí i 2006, arb ionann é agus trí huair an chloig de raidió, agus athchraoladh na cláir le linn sheachtain na Nollag agus ag amanna eile i gcaitheamh na bliana, rud a thug ceithre huaire craolta san iomlán. Tá an tsraith ar fáil i gcónaí ar láithreán Gréasáin RTÉ.





# CONSERVATION

---

